

Tagairt:

**DO CHÓD ROCHTANA UATHÚIL AR
LÍNE:**

--	--	--

A Chónaitheoir, a chara,

Reáchtáileann an Ghníomhaíocht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA) an daonáireamh gach 10 mbliana chun comhaireamh a dhéanamh ar dhaoine agus ar thithíocht. Tá sé ríthábhachtach chun seirbhísí a phleanáil agus a mhaoiniú i do phobal, mar shampla, an t-iompar, an t-oideachas agus an tsláinte.

Roghnaíodh do theaghlach go randamach chun páirt a ghlacadh sa Tástáil do Dhaonáireamh 2017. Bheinn fíorbhuíoch as do chabhair – trí páirt a ghlacadh sa Tástáil seo, beidh tú ag cabhrú linn an chéad daonáireamh eile a mhúnlú.

Glac páirt ar líne sa Tástáil do Dhaonáireamh 2017

Le do thoil, comhlánaigh na céimeanna thíos chun páirt a ghlacadh ann:

- Tabhair cuairt ar **www.nisra.gov.uk/censustest**
- Roghnaigh ‘Start Questionnaire’
- Cuir isteach do **chód rochtana uathúil ar líne** (thuas)
- Freagair na ceisteanna agus cliceáil ar ‘cuir isteach’

Tógfaidh sé tuairim is cúig nóiméad an duine.

Déileáilfear go rúnda leis na freagraí a thugann tú.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an suirbhé, NISRA agus an daonáireamh, iompaigh an leathanach, le do thoil.

Go raibh maith agat as do chabhair.



David Marshall (Dr)

Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde

De réir dlí, déileáilfear go rúnda le gach freagra.

Cad é an daonáireamh?

Is suirbhé é an daonáireamh ar gach duine i dTuaisceart Éireann. Déanann sé comhaireamh ar dhaoine agus ar thithíocht, agus tugann sé léargas dúinn ar shaintréithe na ndaoine a mhaireann anseo. Is sa bhliain 2021 a bheidh an chéad daonáireamh eile i dTuaisceart Éireann.

Cé a reáchtáileann an daonáireamh?

Tá an daonáireamh i dTuaisceart Éireann á eagrú ag an Ghníomhaíocht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA).

Conas a chabhraíonn an daonáireamh liom?

Soláthraíonn an daonáireamh eolas fúinn go léir. Baineann an Rialtas úsáid as chun maoiniú a roinnt amach go cothram chun polaisaithe a dhéanamh, agus chun seirbhísí poiblí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar i gceart é.

Cén fáth a bhfuil Tástáil Daonáirimh á cur i gcrích againn anois?

Cuireann an Tástáil Daonáirimh ceisteanna fútsa agus faoi do theaghlach. Tá muid ag déanamh tástála ar cheisteanna chun cinntiú go mbeidh sé chomh furasta agus is féidir ceistneoir Dhaonáireamh 2021 a chomhlánú.

Cén fáth a bhfuair mé é seo?

Roghnaíodh do theaghlach go randamach ó liosta de gach seoladh i dTuaisceart Éireann. Is ar bhonn deonach ar fad atá tú ag glacadh páirte.

Cé ba chóir an ceistneoir a chomhlánú i mo theaghlach?

Tig le beirt atá 16 bhliain d'aois nó níos sine an ceistneoir a chomhlánú. Más tusa an t-aon duine a bhfuil 16 slánaithe aige/aici, ba chóir duitse amháin an ceistneoir a chomhlánú.

Céard atá ag teastáil uaim chun páirt a ghlacadh ann?

An t-aon rud atá ag teastáil uait ná an cód rochtana uathúil ar líne ón litir seo agus aon ghléas trínar féidir leat dul ar líne – ríomhaire, fón cliste nó táibléad.

Cad a dhéanfaidh mé anois?

Téigh go dtí www.nisra.gov.uk/censustest, roghnaigh 'Start Questionnaire', cuir isteach do chód rochtana uathúil ar líne agus comhlánaigh na ceisteanna.

Cé a fheicfidh mo chuid faisnéise?

Coimeádfar do chuid faisnéise faoi rún agus cosnófar faoin dlí í.

De réir dlí, déileáilfear go rúnda le gach freagra.